

# Eachtra sa Tuaisceart

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi eachtra a tharla i dTuaisceart Éireann. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

*Cad é mar atá an saol i dTuaisceart Éireann faoi láthair?*



## Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- commemoration
- apologise
- Chief Constable
- after the controversy
- bookmaker's shop
- charged
- a crisis of confidence
- leadership
- emergency case
- suspend
- the results of the Police Ombudsman's investigation

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil muinín cailte ag Sinn Féin i bpóilíní sa Tuaisceart?
2. Cad a tharla Dé hAoine?
3. Cad a bhí á chomóradh? Cé a bhí ann?
4. Cén fáth ar ghabh Simon Byrne leithscéal?
5. Cad a bhí le rá ag Declan Kearney?
6. Cén fáth a raibh na haontachtaithe míshásta leis an bPríomh-Chonstábla?

**Ceist 4** ‘... ar an gcaoi ar láimhseáil...’

‘... áit ar mharaigh dílseoirí...’

1. Cén fáth a bhfuil an clásal coibhneasta indíreach i gceist sna samplaí thuas?
2. Cuir na focail thíos in abairtí anois, ag déanamh cinnte go bhfuil an clásal coibhneasta **indíreach** in úsáid agat:
  - an áit
  - cá háit
  - an chaoi
  - cén chaoi
  - cén fáth
  - an tslí
  - cén tslí

**Ceist 5** Éist go cruinn leis an mír arís agus breac síos gach sampla den tuiséal ginideach agus an t-alt. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 6** Cúrsaí teanga

1. Bhí comhchiallaigh na bhfocal seo le cloisteáil sa mhír. Cad iad?
  - iontaoibh
  - maidir le
  - seo caite
  - níos déanaí
  - bhuail sé le
  - tapa
2. Athscríobh na nathanna seo sa chóras lárnach:
  - ... go minic ar an tSliabh Dhubh.....
  - ...sa tsléacht...

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 2

commemoration – *ócáid chomórtha*

apologise – *gabh leithscéal le*

Chief Constable – *Príomh-Chonstábla*

after the controversy – *i ndiaidh na conspóide*

bookmaker's shop – *siopa geallghlacadóra*

charged – *curtha ina leith*

a crisis of confidence – *géarchéim mhuiníne*

leadership – *ceannaireacht*

emergency case – *cúis éigeandála*

suspend – *cuir ar fionraí*

the results of the Police Ombudsman's investigation – *torthaí fhiosrúchán*

*Ombudsman na bPóilíní*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

1. Úsáidtear clásal coibhneasta indíreach tar éis focail áirithe ar nós **caoi** agus **áit**.
2. Mar shampla:

Sin an áit ar rugadh mo mháthair.

Cá háit a bhfuil an bhialann dheas sin?

Sin an chaoi a ndéantar é.

Cén chaoi a bhfuil tú?

Cén fáth a ndearna tú é sin?

Sin an tslí a n-itheann tú é.

Cén tslí a mbeidh mé in ann dul go dtí an ollscoil?

### Ceist 5

ag pobal an pháirtí

Príomh-Chonstábla an PSNI

páirtithe polaitíochta an Tuaiscirt

i ndiaidh na conspóide

teaghlaigh na ndaoine

siopa an gheallghlacadóra

cheannaireacht an PSNI

ardcheannaire an PSNI

Príomh-Chonstábla na bpóilíní

ar thorthaí fhiosrúchán Ombudsman na bPóilíní

### Ceist 6

iontaoibh – muinín

maidir le – mar gheall ar

seo caite – seo a chuaigh thart

níos déanaí – níos moille

bhuail sé le – chas sé le

tapa – gasta

-go minic ar an tSliabh Dhubh: go minic ar an sliabh dubh

-sa tsléacht: sa sléacht

### **Eimear Ní Chonaola**

Deir Sinn Féin go bhfuil muinín caillte ag pobal an pháirtí sa bpóilíneacht i dTuaisceart Éireann, mar gheall ar an gcaoi ar láimhseáil póilíní eachtra ag ócáid chomórtha i mBéal Feirste, Dé hAoine seo caite. Ghabh Príomh-Chonstábla an PSNI a leithscéal arís inniu ag cruinnithe a bhí aige le páirtithe polaitíochta an Tuaiscirt.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Cuirtear teachtaireachtaí go minic ar an tSliabh Dhubh os cionn iarthar Bhéal Feirste agus tharla sin inniu. Tig seo i ndiaidh na conspóide le roinnt laethanta nuair a chuaigh póilíní chuig ócáid chomórtha in oirthear Bhéal Feirste Dé hAoine, nuair a bhí teaghlaigh na ndaoine a maraíodh naoi mbliana is fiche ón lá sin ag fágáil bláthanna ar Bhóthar Ormeau, áit ar mharaigh dílseoirí cúigear i siopa an gheallghlacadóra, Sean Graham. Gabhadh Mark Sykes, a gortaíodh é féin sa tsléacht in 1992 agus scaoileadh saor é cúpla uair níos moille gan aon chúis curtha ina léith.

Ghabh Príomh-Chonstábla na bpóilíní, Simon Byrne, leithscéal arís as an méid a tharla agus chas sé le páirtithe polaitiúla inniu go haonarach.

### **Declan Kearney, MLA, Cathaoirleach Náisiúnta Shinn Féin**

Tá géarchéim mhuiníne dháiríre ann anois mar gheall ar céard a tharla ar Bhóthar Ormeau i mBéal Feirste Dé hAoine seo a chuaigh thart. Léiríonn cad é a tharla go bhfuil ollfhadhbanna i gcroílár cheannaireacht an PSNI faoi láthair. Agus, chuir muid seo ina luí ar ardcheannaire an PSNI ar maidin, Simon Byrne, agus dúirt muid leis go bhfuil sé ríthábhachtach agus gur cúis éigeandála é go gcuirfeadh seo ina cheart láithreach.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Rinne Príomh-Chonstábla na bpóilíní cosaint ar cheisteanna a thóg polaiteoirí aontachtacha fosta faoi mhuinín sa tseirbhís póilíneachta, ag ceistiú chomh gasta agus a thóg an príomhchonstábla cinneadh, oifigeach a chur ar fionraí gan fanacht ar thorthaí fhiosrúchán Ombudsman na bPóilíní ar an eachtra.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Béal Feirste.